2026/1998

8.9.2026

Comhaontú, i bhfoirm malartaithe litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh Comhar Eolaíoch agus Teicneolaíoch idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa chomhpháirtíocht maidir le taighde agus nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

A. ***Litir ó Ríocht Haisimíteach na hIordáine***

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

'Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don Chomhaontú le haghaidh comhar eolaíoch agus teicneolaíoch idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) ([1]) (dá ngairtear 'Comhaontú PRIMA' anseo feasta). I gComhaontú PRIMA, rinneadh foráil maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht na hIordáine in PRIMA. Is iad na téarmaí agus na coinníollacha na téarmaí agus na coinníollacha sin a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear 'Cinneadh PRIMA' anseo feasta) agus fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm fad a bheidh Cinneadh PRIMA i bhfeidhm. Le Cinneadh PRIMA, rinneadh foráil maidir leis na gníomhaíochtaí deiridh a bhí le cistiú faoin gclár Fís 2020, lena n-áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na pleananna oibre bliantúla ábhartha, gur gá na gníomaíochtaí sin a sheoladh faoin 31 Nollaig 2024 agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, faoin 31 Nollaig 2025. Chun síneadh a chur lena ghníomhaíochtaí, ba ghá Cinneadh PRIMA a leasú agus a ionchorprú sa chlár Fís Eorpach.

Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 (dá ngairtear 'Cinneadh leasaithe PRIMA' anseo feasta) a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, is gá Comhaontú PRIMA a leasú agus a fhorlíonadh chun an comhaontú sin a ailíniú le Cinneadh leasaithe PRIMA ionas go bhféadfar leanúint den Iordáin a mheas ina Stát Rannpháirteach faoin gclár Fís Eorpach de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh leasaithe PRIMA. Thairis sin, i bhfianaise na rialacha airgeadais nua, is gá na socruithe cur chun feidhme maidir le cúnamh frithpháirteach a chomhtháthú go hiomlán i gComhaontú PRIMA, ar socruithe iad a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 2 de Chomhaontú PRIMA, mar a leagtar amach sa chomhaontú seo i bhfoirm Malartaithe Litreacha. Dá bhrí sin, chun Comhaontú PRIMA a leasú agus na socruithe cur chun feidhme le haghaidh cúnamh frithpháirteach a chomhtháthú go hiomlán, moltar na leasuithe seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), sin iad na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht na hIordáine in PRIMA. Comhlíonfaidh na Páirtithe na hoibleagáidí arna mbunú le Cinneadh (AE) 2017/1324 agus déanfaidh siad bearta iomchuí, go háirithe tríd an gcúnamh uile is gá a sholáthar chun cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) den Chinneadh sin a áirithiú. Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcúnamh san Iarscríbhinn.'

2. Cuirtear isteach an tAirteagal 7 seo a leanas:

'I ndáil leis na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcúnamh atá fíor-riachtanach don chomhar, déantar iad a chomhtháthú mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo agus is cuid dhílis den Chomhaontú iad.'.

([1]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (PRIMA), (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1).

([3]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO AE L 2024, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

([4]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO AE L 185, 18.7.2017, lch. 1).

3. Tá an Iarscríbhinn seo a leanas i gceangal le Comhaontú PRIMA

'IARSCRÍBHINN

MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH DE BHUN AIRTEAGAL 2

Na módúlachtaí le haghaidh cúnamh frithpháirteach a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, baineann siad go háirithe le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) de Chinneadh (AE) 2017/1324 maidir le gníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) den Chinneadh sin (dá ngairtear "gníomhaíochtaí indíreacha" anseo feasta)

Airteagal 1

Iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha

1. Faoi Airteagal 2 den Chomhaontú ceanglaítear ar údaráis na hIordáine an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh iniúchtaí ar chaiteachas. I ndáil le hiniúchtaí den sórt sin, foireann Struchtúr Cur Chun Feidhme PRIMA (Fondúireacht PRIMA), agus daoine eile arna sainordú ag Fondúireacht PRIMA, gníomhairí an Choimisiúin agus daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún, mar aon le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, beidh rochtain iomchuí acu ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid (idir leaganacha leictreonacha agus leaganacha páipéir) agus ar an bhfaisnéis uile is gá, chun iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha a dhéanamh, maidir le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha arna ndéanamh i Ríocht Haisimíteach na hIordáine, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí ar leith agus leis na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear Cinneadh (AE) 2017/1324 agus leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach sna comhaontuithe deontais nó sna conarthaí ar leith.

I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar ceanglaíodh conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh foireann Fhondúireacht PRIMA agus daoine eile arna sainordú ag Fondúireacht PRIMA, gníomhairí an Choimisiúin agus daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún, mar aon leCúirt Iniúchóirí na hEorpa, beidh siad in ann iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha a dhéanamh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí féin, maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

2. Féadfar na hiniúchtaí, na hathbhreithnithe agus na seiceálacha a dhéanamh tar éis do Chinneadh (AE) 2017/1324 arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167 dul in éag, tar éis don Chomhaontú dul in éag, nó tar éis an Comhaontú a fhoirceannadh, fad is gá chun PRIMA a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

1. Faoi Airteagal 2 den Chomhaontú ceanglaítear ar údaráis na hIordáine an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh imscrúduithe a dhéanann OLAF. I dtaca leis sin, beidh an Coimisiún (trí OLAF) in ann imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ([5]) agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais, cinneadh deontais nó conradh a chistítear, go díreach nó go hindíreach, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1324 arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167.

([5]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO AE L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([6]) Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1).

I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar ceanglaíodh conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh OLAF in ann a chuid imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir lena inniúlachtaí féin, maidir le heintitis dhlítheanacha lena mbaineann atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

2. Ullmhóidh agus déanfaidh OLAF seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair i ndlúthchomhar le húdarás inniúil na hIordáine arna ainmniú ag Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

Chun críocha an phointe seo, is í an Ard-Chomhairle Eolaíochta agus Teicneolaíochta údarás ainmnithe na hIordáine. Tabharfaidh OLAF fógra don údarás ainmnithe in am trátha faoi aidhm, cuspóir, agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair, ionas gur féidir leis aon chúnamh is gá a sholáthar. Chuige sin, féadfaidh foireann údaráis inniúla na hIordáine páirt a ghlacadh i seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair.

3. Más mian le húdarás ainmnithe na hIordáine é, féadfaidh sé na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhpháirt le OLAF.

4. Maidir leis na rannpháirtithe lena mbaineann i ngníomhaíochtaí indíreacha nó eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine, má chuireann siad i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, déanfaidh údaráis na hIordáine, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, an cúnamh is gá a chur ar fáil d'fhoireann OLAF ionas go mbeidh an fhoireann sin in ann a seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach gan moill mhíchuí.

5. Féachann OLAF le húdaráis na hIordáine a chur ar an eolas faoi thoradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin.

6. Oibreoidh údaráis na hIordáine i gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ([7]) ionas go mbeidh sí in ann a dualgas a chomhlíonadh maidir le déantóirí ciona choiriúil, agus a gcomhchoirithe, i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

Airteagal 3

Faisnéis agus comhairliúchán

1. Faoin gComhaontú déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú go rialta le haghaidh cúnamh frithpháirteach, ach amháin má bhíonn toirmeasc orthu déanamh amhlaidh de bharr rialacha is infheidhme agus, arna iarraidh sin ag ceann de na Páirtithe, rachaidh siad i mbun comhairliúchán.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na hIordáine an Coimisiún agus/nó OLAF ar an eolas, laistigh de thréimhse réasúnta ama, faoi fhaisnéis atá tugtha faoi deara acu maidir le neamhrialtachtaí amhrasta nó neamhrialtachtaí arna suí i dtabhairt i gcrích agus/nó i bhfeidhmiú na gcomhaontuithe deontais nó na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích chun gníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme.

([7]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE"), (IO AE L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Airteagal 4

Rúndacht

Faisnéis a chuirfear in iúl nó a gheofar in aon fhoirm faoin gComhaontú, cosnóidh na Páirtithe í ar an mbealach céanna toisc go gcosnaítear faisnéis chomhchosúil lena rialacha is infheidhme. Ní chuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do dhaoine seachas dóibh siúd laistigh d'Fhondúireacht PRIMA, institiúidí an Aontais, na Stáit Rannpháirteacha nó Ríocht Haisimíteach na hIordáine a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis sin, agus ní úsáidfear faisnéis den sórt sin ach amháin chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais na bPáirtithe a áirithiú.'.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas. Má chomhaontaíonn tú leis an litir seo, is ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú, i bhfoirm Malartaithe Litreacha, lena leasófar agus lena bhforlíonfar Comhaontú PRIMA seo. Tiocfaidh an comhaontú seo i bhfoirm Malartaithe Litreacha i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag an Aontas agus ag Ríocht Haisimíteach na hIordáine dá chéile faoi thabhairt i gcrích a nósanna imeachta formheasa inmheánacha féin maidir leis an gcomhaontú seo a thabhairt i gcrích.

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go n-aontaíonn mo Rialtas le hinneachar do litreach agus gurn ionann an litir ón Aontas agus an litir seo ó Ríocht Haisimíteach na hIordáine agus comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA i gcomhréir le do thogra.

A dhuine uasail, ghlac le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Съставено в Брюксел на седми юли две хиляди двадесет и пета година.
Hecho en Bruselas, el siete de julio de dos mil veinticinco.
V Bruselu dne sedmého července dva tisíce dvacet pět.
Udfærdiget i Bruxelles den syvende juli to tusind og femogtyve.
Geschehen zu Brüssel am siebten Juli zweitausendfünfundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne viienda aasta juulikuu seitsmendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις εφτά Ιουλίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.
Done at Brussels on the seventh day of July in the year two thousand and twenty-five.
Fait à Bruxelles, le sept juillet deux mille vingt-cinq.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá d'Iúil sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.
Sastavljeno u Bruxellesu sedmog srpnja godine dvije tisuće dvadeset pete.
Fatto a Bruxelles, addì sette luglio duemilaventicinque.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada septītajā jūlijā.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų liepos septintą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év július havának hetedik napján.
Magħmul fi Brussell, fis-seba jum ta' Lulju fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.
Gedaan te Brussel, zeven juli tweeduizend vijfentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia siódmego lipca roku dwa tysiące dwudziestego piątego.
Feito em Bruxelas, em sete de julho de dois mil e vinte e cinco.
Întocmit la Bruxelles la șapte iulie două mii douăzeci și cinci.
V Bruseli siedmeho júla dvetisícdvadsaťpäť.
V Bruslju, sedmega julija dva tisoč petindvajset.
Tehty Brysselissä seitsemäntenä päivänä heinäkuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.
Som skedde i Bryssel den sjunde juli år tjugohundratjugofem.
حرر في بروكسل بتاريخ السابع من تموز لعام ألفين وخمسه وعشرين

От името на Европейския съюз
En nombre de la Unión Europea
Za Evropskou unii
På vegne af Den Europæiske Union
Im Namen der Europäischen Union
Euroopa Liidu nimel
Εξ ονόματος της Ευρωπαϊκής Ένωσης
On behalf of the European Union
Au nom de l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
U ime Europske unije
A nome dell'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió nevében
F'isem l-Unjoni Ewropea
Namens de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Em nome da União Europeia
În numele Uniunii Europene
Za Európsku úniu
V imenu Evropske unije
Euroopan unionin puolesta
På Europeiska unionens vägnar



عن الإتحاد الأوروبي

B. ***Litir ó Ríocht Haisimíteach na hIordáine***

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

'Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don Chomhaontú le haghaidh comhar eolaíoch agus teicneolaíoch idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) ([8]) (dá ngairtear "Comhaontú PRIMA" anseo feasta). I gComhaontú PRIMA, rinneadh foráil maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht na hIordáine in PRIMA. Is iad na téarmaí agus na coinníollacha na téarmaí agus na coinníollacha sin a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) (dá ngairtear "Cinneadh PRIMA" anseo feasta) agus fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm fad a bheidh Cinneadh PRIMA i bhfeidhm. Le Cinneadh PRIMA, rinneadh foráil maidir leis na gníomhaíochtaí deiridh a bhí le cistiú faoin gclár Fís 2020, lena n-áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na pleananna oibre bliantúla ábhartha, gur gá na gníomaíochtaí sin a sheoladh faoin 31 Nollaig 2024 agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, faoin 31 Nollaig 2025. Chun síneadh a chur lena ghníomhaíochtaí, ba ghá Cinneadh PRIMA a leasú agus a ionchorprú sa chlár Fís Eorpach.

Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 (dá ngairtear "Cinneadh leasaithe PRIMA" anseo feasta) a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, is gá Comhaontú PRIMA a leasú agus a fhorlíonadh chun an comhaontú sin a ailíniú le Cinneadh leasaithe PRIMA ionas go bhféadfar leanúint den Iordáin a mheas ina Stát Rannpháirteach faoin gclár Fís Eorpach de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh leasaithe PRIMA. Thairis sin, i bhfianaise na rialacha airgeadais nua, is gá na socruithe cur chun feidhme maidir le cúnamh frithpháirteach a chomhtháthú go hiomlán i gComhaontú PRIMA, ar socruithe iad a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 2 de Chomhaontú PRIMA, mar a leagtar amach sa chomhaontú seo i bhfoirm Malartaithe Litreacha. Dá bhrí sin, chun Comhaontú PRIMA a leasú agus na socruithe cur chun feidhme le haghaidh cúnamh frithpháirteach a chomhtháthú go hiomlán, moltar na leasuithe seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"Na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), sin iad na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht na hIordáine in PRIMA. Comhlíonfaidh na Páirtithe na hoibleagáidí arna mbunú le Cinneadh (AE) 2017/1324 agus déanfaidh siad bearta iomchuí, go háirithe tríd an gcúnamh uile is gá a sholáthar chun cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) den Chinneadh sin a áirithiú. Leagtar amach na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcúnamh san Iarscríbhinn."

2. Cuirtear isteach an tAirteagal 7 seo a leanas:

"I ndáil leis na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcúnamh atá fíor-riachtanach don chomhar, déantar iad a chomhtháthú mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo agus is cuid dhílis den Chomhaontú iad.".

([8]) Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), (IO L 348, 29.12.2017, lch. 29).

([9]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1).

([10]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO AE L 2024, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

([11]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO AE L 185, 18.7.2017, lch. 1).

3. Tá an Iarscríbhinn seo a leanas i gceangal le Comhaontú PRIMA

"IARSCRÍBHINN

MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH DE BHUN AIRTEAGAL 2

Na módúlachtaí le haghaidh cúnamh frithpháirteach a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, baineann siad go háirithe le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(3), (3a) agus (4) de Chinneadh (AE) 2017/1324 maidir le gníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú de bhun Airteagal 6(1), pointe (a) den Chinneadh sin (dá ngairtear 'gníomhaíochtaí indíreacha' anseo feasta)

Airteagal 1

Iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha

1. Faoi Airteagal 2 den Chomhaontú ceanglaítear ar údaráis na hIordáine an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh iniúchtaí ar chaiteachas. I ndáil le hiniúchtaí den sórt sin, foireann Struchtúr Cur Chun Feidhme PRIMA (Fondúireacht PRIMA), agus daoine eile arna sainordú ag Fondúireacht PRIMA, gníomhairí an Choimisiúin agus daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún, mar aon le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, beidh rochtain iomchuí acu ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid (idir leaganacha leictreonacha agus leaganacha páipéir) agus ar an bhfaisnéis uile is gá, chun iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha a dhéanamh, maidir le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha arna ndéanamh i Ríocht Haisimíteach na hIordáine, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí ar leith agus leis na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear Cinneadh (AE) 2017/1324 agus leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach sna comhaontuithe deontais nó sna conarthaí ar leith.

I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar ceanglaíodh conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh foireann Fhondúireacht PRIMA agus daoine eile arna sainordú ag Fondúireacht PRIMA, gníomhairí an Choimisiúin agus daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún, mar aon leCúirt Iniúchóirí na hEorpa, beidh siad in ann iniúchtaí, athbhreithnithe agus seiceálacha a dhéanamh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí féin, maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

2. Féadfar na hiniúchtaí, na hathbhreithnithe agus na seiceálacha a dhéanamh tar éis do Chinneadh (AE) 2017/1324 arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167 dul in éag, tar éis don Chomhaontú dul in éag, nó tar éis an Comhaontú a fhoirceannadh, fad is gá chun PRIMA a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

1. Faoi Airteagal 2 den Chomhaontú ceanglaítear ar údaráis na hIordáine an cúnamh is gá a sholáthar le haghaidh imscrúduithe a dhéanann OLAF. I dtaca leis sin, beidh an Coimisiún (trí OLAF) in ann imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ([12]) agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais, cinneadh deontais nó conradh a chistítear, go díreach nó go hindíreach, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1324 arna leasú le Cinneadh (AE) 2024/1167.

([12]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO AE L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([13]) Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1).

I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar ceanglaíodh conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh OLAF in ann a chuid imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir lena inniúlachtaí féin, maidir le heintitis dhlítheanacha lena mbaineann atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

2. Ullmhóidh agus déanfaidh OLAF seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair i ndlúthchomhar le húdarás inniúil na hIordáine arna ainmniú ag Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

Chun críocha an phointe seo, is í an Ard-Chomhairle Eolaíochta agus Teicneolaíochta údarás ainmnithe na hIordáine. Tabharfaidh OLAF fógra don údarás ainmnithe in am trátha faoi aidhm, cuspóir, agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair, ionas gur féidir leis aon chúnamh is gá a sholáthar. Chuige sin, féadfaidh foireann údaráis inniúla na hIordáine páirt a ghlacadh i seiceálacha agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair.

3. Más mian le húdarás ainmnithe na hIordáine é, féadfaidh sé na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhpháirt le OLAF.

4. Maidir leis na rannpháirtithe lena mbaineann i ngníomhaíochtaí indíreacha nó eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i Ríocht Haisimíteach na hIordáine, má chuireann siad i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, déanfaidh údaráis na hIordáine, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, an cúnamh is gá a chur ar fáil d'fhoireann OLAF ionas go mbeidh an fhoireann sin in ann a seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach gan moill mhíchuí.

5. Féachann OLAF le húdaráis na hIordáine a chur ar an eolas faoi thoradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin.

6. Oibreoidh údaráis na hIordáine i gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ([14]) ionas go mbeidh sí in ann a dualgas a chomhlíonadh maidir le déantóirí ciona choiriúil, agus a gcomhchoirithe, i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

Airteagal 3

Faisnéis agus comhairliúchán

1. Faoin gComhaontú déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú go rialta le haghaidh cúnamh frithpháirteach, ach amháin má bhíonn toirmeasc orthu déanamh amhlaidh de bharr rialacha is infheidhme agus, arna iarraidh sin ag ceann de na Páirtithe, rachaidh siad i mbun comhairliúchán.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na hIordáine an Coimisiún agus/nó OLAF ar an eolas, laistigh de thréimhse réasúnta ama, faoi fhaisnéis atá tugtha faoi deara acu maidir le neamhrialtachtaí amhrasta nó neamhrialtachtaí arna suí i dtabhairt i gcrích agus/nó i bhfeidhmiú na gcomhaontuithe deontais nó na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích chun gníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme.

([14]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), (IO AE L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Airteagal 4

Rúndacht

Faisnéis a chuirfear in iúl nó a gheofar in aon fhoirm faoin gComhaontú, cosnóidh na Páirtithe í ar an mbealach céanna toisc go gcosnaítear faisnéis chomhchosúil lena rialacha is infheidhme. Ní chuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do dhaoine seachas dóibh siúd laistigh d'Fhondúireacht PRIMA, institiúidí an Aontais, na Stáit Rannpháirteacha nó Ríocht Haisimíteach na hIordáine a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis sin, agus ní úsáidfear faisnéis den sórt sin ach amháin chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais na bPáirtithe a áirithiú.".

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas. Má chomhaontaíonn tú leis an litir seo, is ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú, i bhfoirm Malartaithe Litreacha, lena leasófar agus lena bhforlíonfar Comhaontú PRIMA seo. Tiocfaidh an comhaontú seo i bhfoirm Malartaithe Litreacha i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag an Aontas agus ag Ríocht Haisimíteach na hIordáine dá chéile faoi thabhairt i gcrích a nósanna imeachta formheasa inmheánacha féin maidir leis an gcomhaontú seo a thabhairt i gcrích.'.

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go n-aontaíonn mo Rialtas le hinneachar do litreach agus gurn ionann an litir ón Aontas agus an litir seo ó Ríocht Haisimíteach na hIordáine agus comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA i gcomhréir le do thogra.

A dhuine uasail, ghlac le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

حرر في بروكسل بتاريخ السابع من تموز لعام ألفين وخمسه وعشرين
Съставено в Брюксел на седми юли две хиляди двадесет и пета година.
Hecho en Bruselas, el siete de julio de dos mil veinticinco.
V Bruselu dne sedmého července dva tisíce dvacet pět.
Udfærdiget i Bruxelles den syvende juli to tusind og femogtyve.
Geschehen zu Brüssel am siebten Juli zweitausendfünfundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne viienda aasta juulikuu seitsmendal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις εφτά Ιουλίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.
Done at Brussels on the seventh day of July in the year two thousand and twenty five.
Fait à Bruxelles, le sept juillet deux mille vingt-cinq.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá d'Iúil sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.
Sastavljeno u Bruxellesu sedmog srpnja godine dvije tisuće dvadeset pete.
Fatto a Bruxelles, addì sette luglio duemilaventicinque.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada septītajā jūlijā.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų liepos septintą dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év július havának hetedik napján.
Magħmul fi Brussell, fis-seba jum ta' Lulju fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.
Gedaan te Brussel, zeven juli tweeduizend vijfentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia siódmego lipca roku dwa tysiące dwudziestego piątego.
Feito em Bruxelas, em sete de julho de dois mil e vinte e cinco.
Întocmit la Bruxelles la șapte iulie două mii douăzeci și cinci.
V Bruseli siedmeho júla dvetisícdvadsaťpäť.
V Bruslju, sedmega julija dva tisoč petindvajset.
Tehty Brysselissä seitsemäntenä päivänä heinäkuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.

عن المملكة الأردنية الهاشمية
За Хашемитско кралство Йордания
Por el Reino Hachemí de Jordania
Za Jordánské hášimovské království
For Det Hashemitiske Kongerige Jordan
Für das Haschemitische Königreich Jordanien
Jordaania Hašimiidi Kuningriigi nimel
Για το Χασεμιτικό Βασίλειο της Ιορδανίας
For the Hashemite Kingdom of Jordan
Pour le Royaume hachémite de Jordanie
Thar ceann Ríocht Haisimíteach na hIordáine
Za Hašemitsku Kraljevinu Jordan
Per il Regno hascemita di Giordania
Jordānijas Hāšimītu Karalistes vārdā –
Jordanijos Hašimitų Karalystės vardu
a Jordán Hásimita Királyság részéről
Għar-Renju Ħaxemita tal-Ġordan
Voor het Hasjemitisch Koninkrijk Jordanië
W imieniu Jordańskiego Królestwa Haszymidzkiego
Pelo Reino Haxemita da Jordânia
Pentru Regatul Haşemit al Iordaniei
Za Jordánske hášimovské kráľovstvo
Za Hašemitsko kraljevino Jordanijo
Jordanian hašemiittisen kuningaskunnan puolesta
På Hashimitiska konungarikets vägnar

Ref. Mash.